

# Fíricí/Bréagachtaí



Tugann sé deis do na scoláirí uile sraith de ráitis a chruthaíonn an múinteoir agus/ nó scoláirí eile **a mheas** agus **a aontú** cé acu atá siad **fíor** nó **bréagach**.

- I ndiaidh mír d'inneachar a theagasc is féidir leis an múinteoir sraith ceisteanna a chumadh a mbeidh a bhfreagraí fíor nó bréagach.
- I ngrúpaí (roghnach), is féidir iarraidh ar na scoláirí 3 cheist ar an inneachar a chumadh. Is féidir leis an múinteoir na ceisteanna a bheachtú chun liosta a dhéanamh.
- Scaiptear an liosta ceisteanna ar an rang agus déantar iad ar bhonn aonair nó grúpa.
- Scríobhtar na ráitis agus dhá cholún ag a ndeireadh, ceann marcáilte Fíor, agus an ceann eile Bréagach.
- De réir mar a ghluaiseann na scoláirí síos trí na ceisteanna, cuireann siad tic sa cholún fíor nó bréagach.
- Ag deireadh na gníomhaíochta, déanann na scoláirí piarmheasúnú ar a gcuid oibre.
- Bíonn deis ag scoláirí aonair soiléiriú a fháil ar a gcuid freagraí.


## Leideanna

- Bí saineúil i dtaca le do chuid ama.
- Gluais timpeall ar gach grúpa chun a chinntiú go mbíonn siad ar tasc.
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid mar mhodh gasta chun tuiscint scoláirí ar an topaic a mheas; tugann an múinteoir aghaidh ar réimse ar bith ar gá aird a dhíriú orthu..



### Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag [www.jct.ie](http://www.jct.ie)



## Príomhscileanna

- ▶ Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- ▶ Mé féin a bhainistiú
- ▶ Cumarsáid
- ▶ A bheith liteartha
- ▶ Obair le daoine eile

## Acmhainní

Bileog ceisteanna Fíricí/Bréagachtaí

## Leagan amach an tseomra

Níl leagan amach ar bith faoi leith de dhíth ach amháin má chinntear an tasc a dhéanamh i ngrúpaí.

## Measúnú

Tuiscint a mheas trí éisteacht le freagraí na scoláirí

Seiceáil freagraí an ranga uile ag deireadh na gníomhaíochta.

## Tacú le hobair baile

Bunaithe ar an liosta ceisteanna ó na fíricí agus na bréagachtaí is féidir leis an múinteoir ceist ardoird a fhorbairt don obair baile.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**  
for teachers